

1úil 2020

RIALÁCA COMÓRTAIS



COILÉAR 7 uilinn

COILÉAR AGUS UILLINN

RIALACHA COMÓRTAIS

RUADHÁN MACFADDEN
AISTRÚCHÁN LE MARK MULVEY & PAUL KERR



©2020

RÉAMHFOCAL

Ba sheanstíl iomrascála é Coiléar agus Uillinn a bhí, de réir gach tuairisce, ar an spórt is tábhachtaí sa tír seo le linn an seachtú agus an ochtú haoise déag. Scríobh John Ennis, an staraí, sa nuachtán Leinster Reader sa bhliain 1907, agus thug sé faoi deara gurb é an príomhspórt fisiciúil i measc an phobail fireann, óna n-óige go dtí aois fir lánaibí, agus go raibh a sheaimpín féin ag gach paróiste, é mar curadh reatha ag cosaint a chraobh ó fhorghabhálaithe nua!

Bíonn siad ina dtréithe ag Coiléar & Uillinn go mbíonn luas agus castacht géaga chomh maith le húcanna, coraíochta coise, blocanna agus leagain, agus mhéadaigh sé seo trí rabharta imirce i ndiaidh a chéile sa tír seo, agus thuill an spórt éileamh forleathan sna Stáit Aontaithe Mheiriceá. De réir cosúlachta, ba iomrascálaí oilte é George Washington é féin, agus é cumasach ag seachaint leagain de chuid an 'flying mare', ó thréimhse a laethanta scoile suas go dtí gurb ardcheannasaí é ar na hairm ilchríochanna.

Ar deireadh, tháinig meath suntasach ar Coiléar & Uillinn thar lear agus sa bhaile (mar thoradh roinnt cúinsí, ina measc réabadh déimeagrafach agus cultúrtha an Ghorta Mhóir, chomh maith leis na hachtanna iallacha (Coercion Acts) a d'fhág go mídhleathach é tionóil mhóra poiblí a bheith ann) sa chaoi is nach n-aithnítear trácht ar bith air in Éirinn faoi láthair. San alt a scríobh Ennis i 1907, d'fhéach sé siar go tnúthánach ar ré orga an stíl iomrascála a bhí dearmadta ag an am, é ag críochnú le guí: "Táthar ag súil go mbeadh athbheochan agus éalamh ar an stíl gleoite fíor-eolaíoch iomrascála seo arís".

I Mí na Samhna 2018 d'eisigh mé podchraoladh ar stair, gnéithe agus an meath ar deireadh thiar a bhain le Coiléar & Uillinn. Ina dhiaidh sin, chaith mé roinnt míonna ag déanadh iarrachta rialacha agus teicnící an stíl a athchruthú: is próiséas é a chríochnaigh mé, ar an 3ú Lúnasa 2019, le seimineár á chur ar fáil agam chomh maith le sraith babhta in Heidelberg sa Ghearmáin – na céad cluichí iomaíochta de Coiléar & Uillinn le céad bliain anuas.

Is toradh taighde leanúnach é an leabhrán rialacha chomh maith le breathnóireachtaí pearsanta ar na babhtaí in Heidelberg. Táthar ag súil gur treoir atá ann d'éinne ar mhaith leo triail a bhaint as cluichí Coiléar & Uillinn dá gcuid féin, agus is doiciméad beo é i gcónaí – mar sin cuirtear fáilte roimh aon aiseolas!

Agus má bhíonn ceist ar bith ag éinne faoi Choiléar & Uillinn go ginearálta, scríobh nóta chugam uair ar bith.

- Ruadhán MacFadden,
Lúnasa 2019

ruadhan.macfadden@gmail.com
www.thousandholds.net

CLÁR ÁBHAIR

1. Cad is féidir liom a chaitheamh?.....	1
2. Cé chomh fada is a mhaireann babhta?.....	2
3. Cad iad na catagóirí meáchan?.....	3
4. Cad iad na greamanna atá ceadaithe?.....	4
5. Conas a faightear an bua?.....	5
6. Cad iad na teicnící atá ceadaithe?.....	6
7. Cad iad na teicnící coscthe?.....	7
8. Conas ar féidir le lúthchleasaí a bheith bainte ó fhréamh?.....	8
9. Is réteoir mé. Cad atá orm leathsúil a choimeád ar?.....	9
10. Tagairtí.....	10

1. CAD IS FÉIDIR LIOM A CHAITHEAMH?

- 1.1** Seacáid coraíochta (aon seacáid BJJ/judo/sambo gur mhaith leat).
- 1.2** Crios coraíochta (aon crios BJJ/judo/sambo gur maith leat). Níl sé tábhachtach cén dath atá air.
- 1.3** Bríste gearr agus/nó bríste spatanna. Ní cead agat bríste gear le pócaí, cnaipí, nó zipeanna a chaitheamh.
- 1.4** Is feidir cosaint bhruith a chaitheamh mas maith leat.
- 1.5** Is feidir a bheith in iomaíocht cosnochta mas maith leat nó i mbrógaí coraíochta/sambo.
- 1.6** Ní gá duit cosaint fhiachla nó cosaint bhléine a fhail, ach tá said molta.

2. CÉ CHOMH FADA IS A MHAIREANN BABHTA?

2.1 Maireann babhta cuig (5) nóiméad. Muna mbíonn ceachtar lúthchleasaí sáinnithe ag an bpointe sin, socrófaidh an réiteoir an toradh bunaithe ar na critéir atá liostaithe i 5.2.

3. CAD IAD NA CATAGÓIRÍ MEÁCHAN?

3.1 Is iad seo na catagóirí meáchan d'fhir fásta:

-70kg, -80kg, -90kg, -99kg +99kg

3.2. Is iad seo na catagóirí meáchan do mhná fásta:

-50kg, -60kg, -70kg, +70kg

3.3. Bíonn meá-isteach “gan gí” i gceist – i.e. seastar ar na scálaí gan aon phíosa den trealamh atá liostaithe i gCuid 1, mar shampla; seacáid, crios, agus brógaí.

4. CAD IAD NA GREAMANNA ATÁ CEADAITHE?

4.1 Le do lámh dheas, beir greim ar choiléar an chéile comhairc ag airde an dealracháin. Déanann an chéile comhairc amhlaidh.

4.2 Le do lámh clé, beir greim ar mhuinchille an chéile comhairc, ag an uillin deas. Mar an gcéanna, déanann siadsan amhlaidh.

4.3 Caithfear na greamanna a bheith coinnithe i rith an ama agus sibh in bhur seasamh. Is féidir leat na greamanna a scaoileadh i ndá chúinse: 1.) Nuair atá tú nó do chéile comhraic bainte ó fhréamh (féach ar an sainmhínu le haighaidh “bainte ó fhréamh” i gcuid 8.1 agus 2.) chun titim a bhriseadh má chaitear thú.

4.4 Nuair atá sibh ar an talamh, is féidir le bheirt lúthchleasaithe greim a fháil ar aon ait ar seacáid nó crios an iomaitheoira.

4.5 Ní feidir greim a fháil ar bhríste nó spatanna aon uair.

5. CONAS A FAIGHTEAR AN BUA?

5.1 Baintear an bua amach lle sáinneadh an duine eile i ndá áit - sin é, slinneáin an chéile comhairc a coinniú ar an talamh ar feadh chomhairimh trí (3) shoicind.

5.2 Muna mbíonn ceachtar luthchleasaí sáinnithe ag deireadh tréimhise cúig nóiméid, beidh an socrú deiridh ag an réiteoir. Is iad na gnéithe cinniúnacha (in ord ardaitheach) ná: 'smacht fáinne', iarracht chun leagann síos a dhéanamh, iarracht chun sáinneadh a dhéanamh. Má tá na hiarrachtaí céanna déanta chun sáinneadh a dhéanamh ag an mbeirt, beidh an bua ag an duine is gaire do nochtadh na nguailí.

6. CAD IAD NA TEICNÍCÍ ATÁ CEADAITHE?

6.1 Gach uile leagann síos (seachas an eisceacht i gcuid 7.2). Is féidir leat scuabanna coise, coir coise, leagain chromáin, tarraing síos tapa, caitheamh íobairte-is féidir iad siúd a usáid. Ar an iomlán mas féidir leat éinne acu a dhéanamh gan do ghreamanna a bhriseadh, lean ar aghaidh.

6.2 Is féidir gach uile teicníc sáinne a dhéanamh.

7. CAD IAD NA TEICNÍCÍ COSCTHE?

7.1 Ní féidir géilleadh ar bith a chur isteach ar do chéile comhairc.

7.2 Ní féidir leagan síos Kani Basami (i.e. flying scissors).

7.3 Ní féidir buillí, ciceanna, soncanna, plaic a bhaint etc. a dhéanamh.

7.4 Ní féidir na greamanna a scaoileadh saor ar choiléar nó uillinn nuair atá sibh in bhur seasamh, seachas nuair atá tú caite ar an talamh, ansin is féidir na greamanna a ligean chun do thitim a bhriseadh (féach ar 4.3).

7.5 Righin-láimhseáil do chéile comhraic go dícheallach agus / nó a bheith róchosantach.

7.6 Cosc ar phleidhcíocht agus amadaíocht ginearálta.

7.7 Má dhéanann an lúthchleasaí aon de na nithe thuasluaite, gearrfaidh an réiteoir pointe pionóis amháin (1). Mar gheall ar trí phointe pionóis beidh an lúthchleasaí dícháillithe. Maidir le sáraithe tromchúiseacha, is féidir leis an réitior an lúthchleasaí a dhícháiliú ar an bpointe.

8. CONAS AR FÉIDIR LE LÚTHCHLEASAÍ A BHEITH BAINTE Ó FHRÉAMH?

8.1 Séard atá i gceist le ‘lúthchleasaí bainte ó fhréamh’ ná duine a thuirlingíonn ar an talamh le aon chuid dá choirp, seachas bonn a choise.

8.2 Má bhíonn lúthchleasaí bainte ó fhréamh (mar shampla, trí leagan íobarte a chlis) is féidir an lúthchleasaí atá ina sheasamh a ghreameanna a scaoileadh saor ar an bpointe agus tosú ar an tsraith sáinne.

9. IS RÉTEOIR MÉ. CAD ATÁ ORM LEATHSÚIL A CHOIMEÁD AR?

9.1 Cinntigh go gcoimeádann na lúthchleasaithe a chuid greamanna coilear agus uilinn, agus iad in a seasamh. Má ligeann siad greim de thimpiste (mar shampla mar gheall ar iarracht caitheamh crua a chéile chomhric), cuir an babhta ar sos agus athshocraigh na greamanna. Má scoileann siad a gcuid greamanna d'aon ghnó, is feidir leat piónós a bhronnadh.

9.2 Nuair théann an troid 'go talamh', tabhair deis don bheirt lúthchleasaithe dul i mbun a gcuid oibre. Bí cinnte go bhfuil an ionsaitheoir i gcónaí ag iarraidh an sáinneadh. Muna bhfuil an sáinneadh ag teacht agus/nó go mbíonn an imirt stadta tar éis troicha (30) soicind, seas na lúthchleasaí suas, athshocraigh na greamanna, agus tosaigh an babhta arís ó sheasamh.

10. TAGAIRTÍ

- Gunning, Paul Ignatius. "Hardy Fingallians, Kildare Trippers, and 'The Devil Ye'll Rise' Scufflers: Wrestling in Modern Ireland." *A Social and Cultural History of Sport in Ireland*, pp. 110-121, 2016.
- James, Ed. *Manual of Sporting Rules, Comprising the Latest and Best Authenticated Revised Rules*, Read Books Ltd, 1891.
- Jaouen, Guy & Nichols, Matthew Bennett. *Celtic Wrestling: The Jacket Styles*, Fédération internationale des luttes associées (FILA), 2007.
- Morrow, Charles W. *The Magnificent Scufflers: Revealing the Great Days When America Wrestled the World*. The Stephen Green Press, 1959.
- Co. Kildare Online Electronic History Journal. 2006. *Famous Kildare Wrestling, Ancient Gaelic Style of Collar and Elbow: How Kildare Exiles Carried the Game Abroad*. [ONLINE] Available at: http://www.kildare.ie/ehistory/2006/05/collar_and_elbow_wrestling.asp. [Accessed 15 November 2018].



© Ruadhán MacFadden

ruadhan.macfadden@gmail.com
www.thousandholds.net